Taisce focal 1:

Ag úsáid foclóra chun do scileanna gabhchumais a fhorbairt

An Foclóir Beag: foclóir Gaeilge-Gaeilge. **Foclóir clóite agus ar fáil ar líne ag www.teanglann.ie.** Seo é an foclóir ina dtugtar an míniú duit as Gaeilge. Tá an foclóir seo ar fáil mar leabhar clóite nó mar chuid de **www.teanglann.ie**

- Bain úsáid as an bh**Foclóir Beag** chun brí fhocail nua-fhoghlamtha a bhreacadh i do loga foghlama.
- Má tá níos mó ná brí amháin leis an bhfocal, tugtar an bhrí is coitianta ar dtús.
- Tugtar samplaí eile d'úsáid an fhocail mar chuid de nath. Féach an sampla thíos:

bosca *fir4* aon árthach coinneála d'adhmad, de mhiotal, de chairtchlár etc.
► **bosca ceoil** mileoidean
► **bosca compáis** bosca a gcoinnítear compás loinge ann
► **bosca faoistine** bosca a n-éistear faoistiní ann

Nodanna don scoláire faoi fhoclóir clóite a úsáid

- Bíonn foclóir in ord aibítre. Tosaíonn sé leis an litir A agus críochnaíonn le Z.
- Tugann an focal ar bharr an leathanaigh treoir duit chun teacht ar an bhfocal atá uait.
- Nuair atá tú ag cuardach brí fhocail (m.sh. focal nó nath as alt / as úrscéal srl), déan cinnte go bhfuil an litriú i gceart agat.
- Bíonn roinnt focal atá an-chosúil le chéile ach amháin go bhfuil fada ar cheann acu, m.sh. *lon* agus *lón*, *ait* agus *áit*. Tá brí na bhfocal seo an-éagsúil óna chéile!
- Bíonn níos mó ná brí amháin le roinnt focal. Is gá machnamh a dhéanamh ar cén bhrí atá i gceist sa chomhthéacs seo. Léigh na samplaí a thugtar san fhoclóir chun teacht ar an mbrí chuí.
- Breac an focal síos i do loga foghlama pearsanta leis an míniú as Gaeilge, más féidir.

Breis Eolais

Uaireanta, feicfidh tú litreacha agus uimhreacha in aice leis na focail. Mar shampla **páirc *b***. Tugann an *b* le fios go bhfuil an focal "páirc" baininscneach. Is giorrúchán é *b*., is é sin, leagan gearr den fhocal 'baininsneach'. Seo thíos liosta de chuid de na príomhghiorrúcháin chun tús a chur leis an bhfoghlaim:

Giorrúcháin
copail = an chopail 'is' (Is / Ní / An? / Nach?)
f = firinsnceach (nó m = masculine)
b = baininscneach (nó f = feminine)
ua = uatha (nó sg = singular)
iol = iolra (nó pl = plural)
aid = aidiacht (nó a/adj = adjective)
a/ainm = ainmfhocal (nó s/noun = noun)
br = briathar (nó v/verb = verb)
rfh = réamhfhocal (nó prep. = preposition)

Foclóir Uí Dhómhnaill: Foclóir clóite Gaeilge-Béarla atá ar fáil ar www.teanglann.ie

- Tá an foclóir seo ar fáil mar leabhar clóite nó mar chuid de **www.teanglann.ie**: Tugtar príomhbhrí an fhocail Ghaeilge as Béarla.
- Tugtar samplaí ansin den fhocal i gcomhthéacs nó i nathanna coitianta

CC BY NC

- I gcás ainmfhocail, tugtar an focal san uimhir uatha (sg) agus críoch an fhocail san uimhir iolra (npl)
- Tugtar inscne ar ainmfhocail (b = baininscneach, f = firinscneach)

Nodanna don fhoghlaim chomhtháite:
Le **teanglann.ie** is féidir cliceáil ar *foghraíocht* chun éisteacht le fuaimniú an fhocail sna trí mhórchanúint: *U = Canúint Uladh; C = Canúint Chonnacht; M = Canúint na Mumhan*.

Tar éis duit dul sa tóir ar phríomhbhrí an fhocail san fhoclóir Gaeilge/Béarla, cliceáil ar an bh**Foclóir Beag** chun teacht ar mhíniú ar an bhfocal i nGaeilge. Scríobh síos an míniú as Gaeilge i do loga foghlama.

Taisce focal 2:

Ag úsáid foclóra chun do scileanna ginchumais a fhorbairt

Ag cuardach focail ar www.focloir.ie: foclóir Béarla-Gaeilge

- Scríobh do rogha focail i mBéarla sa bhosca cuardaigh; cliceáil ar an gcnaipe cuardaigh.
- Tiocfaidh an focal Gaeilge aníos ar an scáileán.
- Bíonn níos mó ná brí amháin le roinnt focal, agus beidh focal Gaeilge difriúil i gceist i ngach cás. Mar shampla, má lorgaíonn tú an focal 'light', gheobhaidh tú dhá fhocal, *solas* agus *éadrom*. Is gá machnamh a dhéanamh ar cén bhrí atá i gceist sa chomhthéacs agat. Léigh na samplaí agus na nodanna a thugtar san fhoclóir chun teacht ar an bhfocal cuí.
- Tugtar samplaí ansin den fhocal i gcomhthéacs nó i nathanna coitianta

Cabhair d'fhoghlaim na gramadaí:

- Más ainmfhocal é an focal atá á lorg agat, tugtar inscne an fhocail duit (masculine/firinscneach, feminine/baininscneach)
- Má bhrúnn tú ar an inscne, osclaíonn tú bosca beag cabhrach eile leis an bhfocal san uimhir uatha, san uimhir iolra, sa tuiseal ginideach uatha agus sa tuiseal ginideach iolra
- I gcás na mbriathra, is féidir cliceáil ar an bhfocal 'verb' agus beidh tú in ann an briathar sin a fheiceáil sna haimsirí ar fad.

Nodanna don fhoghlaim chomhtháite
Le **focloir.ie**, is féidir cliceáil ar C, M nó U chun éisteacht le fuaimniú an fhocail sna trí mhórchanúintí: *C = Canúint Chonnacht; M = Canúint na Mumhan; U = Canúint Uladh***.** Tar éis duit éisteacht leis an bhfocal i do rogha canúna, déan an focal a chleachtadh. Is féidir dul go dtí an **Foclóir Beag** chun teacht ar mhíniú ar an bhfocal i nGaeilge. Scríobh síos an míniú as Gaeilge i do loga foghlama.



CC BY NC